

Roinn 4



Cruthaigh Buiséad Measúnú Féideartha

Alex Weldon



Alex is ainm dom

Táim 15 bliana d'aois agus táim sa tríú bliain sa mheánscoil. Tá sé i gceist agam an Idirbhliain a dhéanamh an bhliain seo chugainn. Déanann daltaí idirbhliana roinnt tionscnaimh iontacha agus tá siad ag dul ar thuras deireadh seachtaine go dtí tír éigin san Eoraip. Íocfaidh mo thuismitheoirí as an turas ach caithfidh mé m'airgead póca féin a choigilt. Ceapaim go mbeidh €200 mar sprioc agam.

Tá post páirtaimseartha agam, ag dáileadh nuachtán go háitiúil, a íocann €20 in aghaidh na seachtaine. Faighim €20 mar liúntas gach Satharn freisin.

Is iondúil go gcaithim timpeall €10 in aghaidh na seachtaine ar dheochanna agus bia, agus €10 eile ar rudaí cosúil leis an bpictiúrlann nó cluichí ríomhaire. Timpeall uair sa mhí ceannaíim éadaí nó bróga – €30 ar an meán. Ní mór dom tús a chur le coigilteas don turas idirbhliana a tharlóidh i gceann bliana.



Ionas go bhféadfá comhairle airgeadais a thabhairt d'Alex, ríomh na suimeanna seo:

Iomlán tuillte gach mí	
Coigilteas reatha	
Tá 12 mhí ag Alex chun a sprioc a bhaint amach. Cé mhéad a bheidh sé gann ar an sprioc?	
Aithin áiteanna go bhféadfadh Alex gearradh siar ar chaiteachas?	

